

Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil  
Ollscoil Mhá Nuad



# Teastas Eorpach na Gaeilge

Treoir do Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)

## Treoir do Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)

### **Aidhm**

Is scrúdú inniúlachta Gaeilge atá i *Scrúdú Mheánleibhéal 1*. Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá ag freastal ar ranganna oíche nó ar chúrsaí eile Gaeilge. Tá sé oiriúnach chomh maith dóibh siúd atá i mbun staidéar príobháideach. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga. Níl ceangal ar bith idir an scrúdú féin agus cúrsa teanga faoi leith.

### **Eolas ginearálta**

- Bíonn an scrúdú le haghaidh creidiúint iomlán ar siúl uair amháin sa bhliain, i mí Aibreán nó i mí Bealtaine, in Ollscoil Mhá Nuad nó in ionaid eile ar fud na hÉireann, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i gCeanada. Maidir le páirtchreidiúint, moltar do dhaoine dul i dteagmháil le Lárionad na Gaeilge le tuilleadh eolais a fháil. Tá foirmeacha iarratais agus eolas reatha maidir le dátaí, ionaid agus araile le fáil ar an suíomh seo.
- Glacaimid leis go mbeidh daoine a bhfuil teangacha éagsúla mar mháthairtheanga acu ag déanamh na scrúduithe seo agus, dá bhrí sin, cinneadh ar threoracha na gceisteanna a scríobh i nGaeilge.
- Ba chóir go mbeadh foghlaimoirí ar an eolas maidir leis na cineálacha éagsúla tascanna/ceisteanna atá leagtha amach sna scrúduithe samplacha.
- Níl cead ag iarrthóirí aon fhoclóir a bheith acu le linn an scrúdaithe.
- Tá sé tábhachtach go mbeadh iarrthóirí ar an eolas faoin leagan amach atá ar an scrúdú agus na cineálacha ceisteanna a bhíonn i ngach rannóg den scrúdú.
- Chomh maith leis an eolas sa cháipéis seo, moltar d'iarrthóirí agus do mhúinteoirí staidéar a dhéanamh ar na cáipéisí seo a leanas atá le fáil ar [www.teg.ie](http://www.teg.ie):

### *Siollabas Mheánleibhéal 1*

#### *Scrúduithe Samplacha Mheánleibhéal 1*

#### *Tuairisc ar Scrúdú Mheánleibhéal 1*

### **An leibhéal teanga i Scrúdú Mheánleibhéal 1(B1)**

Tá leibhéal *Scrúdú Mheánleibhéal 1* ag teacht le leibhéal B1 den *Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha* (2001). Meastar go mbeidh ar fhoghlaimoirí ar éirigh leo i *Scrúdú Bhonnleibhéal 2* timpeall 350-400 uair an chloig staidéar breise a dhéanamh ar an teanga sula dtabharfaidh siad faoi *Scrúdú Mheánleibhéal 1*. Seo thíos léiriú gearr ar na rudaí is féidir le foghlaimoirí a bhfuil Meánleibhéal 1 (B1) bainte amach acu a dhéanamh sna scileanna éagsúla.

### **Labhairt agus Cluastuiscint**

Ag an leibhéal seo, beidh na foghlaimoirí in ann páirt a ghlacadh, gan aon réamhullmhúchán, i gcomhráite faoi thopaicí coitianta a bhaineann lena ngnáthshaol féin (féach an siollabas). Ba chóir go dtuigfidís brí ghinearálta chláir theilifíse agus teachtaireachtaí teileafóin. Ba cheart go mbeidís in ann páirt a ghlacadh i malartú tuairimí

simplí maidir le hábhair a bhfuil taithí acu orthu, ach ní fhéadfaidís dearcadh casta a chur in iúl. Is í ‘an tsothuarthacht’ (*predictability*) is tábhachtaí ag an leibhéal seo.

### Léamhthuiscint

Ag an leibhéal seo, tuigfidh foghlaimeoirí an bhrí ghinearálta a bhaineann le gnáthionchur faoi ábhair a bhfuil taithí acu orthu, mar shampla, ailt shimplí, neamhshainiúla ar nuachtáin agus ar irisí, bróisiúir nó bileoga a bhaineann le himeachtaí cultúrtha, caitheamh aimsire agus araile. Tuigfidh siad cur síos ar eachtraí, ar mhothúcháin agus araile de réir mar a chuirtear in iúl iad i ngnáthlitreacha, i dteachtaireachtaí ríomhphoist agus araile.

### Scríbhneoireacht

Ag an leibhéal seo, beidh na foghlaimeoirí in ann nótaí gearra simplí a scríobh, mar shampla, teachtaireachtaí ríomhphoist agus litreacha pearsanta simplí ag tabhairt eolais ar eachtraí nó ag cur síos ar imeachtaí. Ina gcuid oibre féin, beidh siad in ann gnáthlitir a scríobh ag soláthar fíricí, dátaí agus araile. Moltar a gcuid oibre/dréachtaí a sheiceáil mar is dócha go mbeadh earráidí tromchúiseacha in obair ar bith a bheadh neamhghnách nó nach mbeadh taithí acu uirthi.

### Sonraíochtaí teanga

Tá mionsonraí maidir le topaicí, feidhmeanna teanga, stór focal, struchtúir ghramadaí, straitéisí cumarsáide agus araile ar a bhfuil an scrúdú seo bunaithe le fáil i *Siollabas Mheánleibhéal 1*. Tá an siollabas sin le fáil ar an suíomh seo.

### Grádú

Cuirfear an marc iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir ar fáil, mar aon le briseadh síos ar na marcanna a ghnóthaigh an t-iarrthóir sna rannóga éagsúla. Níl aon íos-phasmharc ann sna rannóga éagsúla.

<i>Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)</i>	
80 - 100%	Pas le gradam
65 - 79%	Pas le tuillteanas
50 - 64%	Pas
0 - 49%	Teip

### Rannóga sa scrúdú

Tá ceithre rannóg ar fad sa scrúdú seo agus léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna sa scrúdú:

<i>Scrúdú Mheánleibhéal 1 (B1)</i>	
• Labhairt	30%
• Cluastuiscint	25%
• Léamhthuiscint	25%
• Scríbhneoireacht	20%

Tugtar mioneolas maidir leis na rannóga ar fad thíos. Moltar d’iarrthóirí staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar na scrúduithe samplacha atá le fáil ar an suíomh seo.

## An scrúdú cluastuisceana

### *Eolas ginearálta*

- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 30 nóiméad.
- Beidh na trí mhórchanúint in úsáid, ach ní bhainfear úsáid as cainteoirí a bhfuil blas réigiúnach an-láidir ar a gcuid cainte.
- Beidh 5 nóiméad ag iarrthóirí leis na treoracha agus na ceisteanna a léamh sula dtosóidh an taifeadadh.
- Cloisfear gach téacs faoi dhó. Beidh sos ama idir gach casadh agus beidh am breise freisin idir gach ceist.
- Ní gá abairtí iomlána a scríobh.
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa, ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí a bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as litriú mícheart, chomh fada agus atá an méid atá scríofa intuigthe.
- Ag an leibhéal seo cloisfidh na hiarrthóirí leaganacha cainte agus caint iomarcach (*redundancies*) nach gclúdaítear i *Siollabas Mheánleibhéal 1* ach nach bhfuil aon tábhacht lárnach acu maidir leis na ceisteanna atá le freagairt.
- Moltar d'iarrthóirí aire a thabhairt don lámhscríbhneoireacht.
- Tá 4 cheist sa rannóg cluastuisceana.

<i>Ceist</i>	<i>Líon míreanna</i>	<i>Cineál téacs</i>	<i>Formáid na bhfreagraí</i>	<i>Líon marcanna</i>	<i>Fócas an taise</i>
<b>1</b>	6	3 fhógra	Freagra gearr / freagra ilroghnach	12	Ag éisteacht chun eolas faoi leith a aimsiú (am, dáta, áit, imeacht srl.)
<b>2</b>	6	3 chomhrá ghearra (idir chairde agus ghaolta nó fostóir/oibrí, cúntóir siopa/custaiméir srl.).	Freagra gearr/ freagra ilroghnach	12	Ag éisteacht chun eolas faoi leith agus mionphointí eolais a aimsiú.
<b>3</b>	6	Agallamh ar chlár raidió	Freagra gearr/ freagra ilroghnach	12	Ag éisteacht chun mionsonraí a aimsiú agus tuairimí a aithint.

4	6	Comhrá níos faide idir chairde/ghaolta nó idir chomhoibrithe	Freagra ilroghnach (rogha idir fíor/ bréagach/ ní deirtear)	12	Ag éisteacht chun mionphointí céille a aimsiú agus dearcadh agus tuairimí na gcainteoirí a aithint.
---	---	--	---	----	---

**Marcáil**

- Tá dhá mharc ag gabháil do gach ceist i ngach rannóg. 48 marc ar fad atá ag gabháil don chluastuisceant. Is fiú 25% den scrúdú iomlán an rannóg chluastuisceana.
- I gcás na gceisteanna ilroghnacha meabhraítear d'iarrthóirí nár cheart tic a chur ach i mbosca amháin. Ní bhronnfar marcanna ar iarrthóirí a chuireann tic i níos mó ná bosca amháin, fiú amháin má roghnaíonn siad an freagra ceart. Maidir leis na ceisteanna sin a gcaithfear freagra gearr a thabhairt orthu, glacfar le míltriú fad agus atá an méid a scríobhtar inaitheanta.

**An scrúdú léamhthuisceana****Eolas ginearálta**

- Maireann an scrúdú léamhthuisceana agus an scrúdú scríbhneoireachta 90 nóiméad ar fad. Is faoi na hiarrthóirí iad féin atá sé cad é mar a dhéanann siad an t-am a roinnt idir an dá rannóg sin.
- Moltar do na hiarrthóirí aire a thabhairt don lámhscríbhneoireacht.
- Tá 3 cheist sa rannóg léamhthuisceana.

<i>Ceist</i>	<i>Líon míreanna</i>	<i>Cineál téacs</i>	<i>Formáid na bhfreagraí</i>	<i>Líon marcanna</i>	<i>Fócas an taise</i>
1	5	Téacsanna gearra le próifílí pearsanta agus tuairimí	Meaitseáil ilroghnach (roghnaigh 5 mhír as 9) Beidh ar iarrthóirí leabhair/poist/saoire srl a mheaitseáil leis na próifílí oiriúnacha	10	Ag léamh chun eolas faoi leith a aimsiú.
2	7	Litir neamhfhoirmiúil, alt nuachtáin/ irise, píosa ó shuíomh Gréasáin nó sliocht as bróisiúr/ leabhar	Freagra ilroghnach (3 rogha) / freagra gearr	14	Ag léamh chun eolas faoi leith a aimsiú agus chun dearcadh agus tuairimí a aithint.

3	8	Alt nuachtáin nó irise	Freagra ilroghnach (3 rogha) / freagra gearr	16	Ag léamh chun eolas faoi leith a aimsiú agus chun dearcadh agus tuairimí a aithint.
---	---	------------------------	--	----	---

### Marcáil

- Dhá mharc atá ag gabháil do gach ceist i ngach rannóg. 40 marc ar fad atá ag gabháil don rannóg léamhthuisceana. Is fiú 25% den scrúdú iomlán an rannóg léamhthuisceana.
- Moltar go láidir d'iarrthóirí cloí leis na treoracha a leagtar síos maidir le freagairt na gceisteanna.
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa, ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as litriú mícheart, fad is atá an méid atá scríofa intuigthe.

### An scrúdú scríbhneoireachta

- Maireann an scrúdú léamhthuisceana agus an scrúdú scríbhneoireachta 90 nóiméad ar fad. Is faoi na hiarrthóirí iad féin atá sé cad é mar a dhéanann siad an t-am a roinnt idir an dá rannóg sin.
- Moltar d'iarrthóirí cúram faoi leith a dhéanamh de chaighdeán na lámhscríbhneoireachta.
- Tá 3 cheist ar fad sa rannóg seo agus caithfidh na hiarrthóirí tabhairt faoi **gach ceist**.

Ceist	Líon míreanna	Cineál téacs	Formáid na bhfreagraí	Líon marcanna	Fócas an taisc
1	10	Ríomhphost, litir ghearr nó nóta	Triail iomlánaithe (oscailte)	10	Ag soláthar focal oiriúnach. Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga.
2	1	Ríomhphost nó nóta neamhfhoirmiúil	Tasc teoraithe	15	Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga, mar aon le comhleanúnachas téacs.
3	1	Litir	Tasc	25	Cruinneas

neamhfhoirmiúil treoraithe

gramadaí agus  
struchtúir na  
teanga, mar aon le  
comhleanúnachas  
téacs.

### *Eolas breise*

#### **Ceist 1**

- Beidh 10 mbearna ar fad sa téacs agus beidh **focal amháin** le cur i ngach bearna.
- Caithfidh na foghlaimeoirí a chinntiú go mbeidh aon chlaochlú tosaigh scríofa acu chomh maith, nuair a bhíonn gá lena leithéid. Féach an sampla thíos:

*Bhuel bhí an **t-agallamh** agam ar an Luan agus ceapaim gur éirigh go maith liom cé go raibh roinnt de na ceisteanna deacair go leor.*

- Tá sé riachtanach go ndéanfar na focail atá le soláthar a litriú go cruinn.
- Uaireanta beidh níos mó ná focal amháin a bheidh oiriúnach. D'fhéadfaí go leor focal a úsáid sa sampla thíos. Mar shampla, *maithe, deasa, nua, oíche* agus araile.

*Beidh deireadh seachtaine iontach againn – tá go leor clubanna \_\_\_\_\_ sa chathair anois.*

#### **Ceist 2**

- Beidh ar na hiarrthóirí idir **45-55 focal** a scríobh sa spás ar an leathanach.
- Caillfear marcanna mura gcloíonn na hiarrthóirí leis an líon focal.
- Beidh 3 phointe ann a thugann treoir faoina bhfuil le scríobh sa nóta/teachtaireacht ríomhphoist/cárta poist. Caithfidh na hiarrthóirí a chinntiú go luafaidh siad **gach ceann de na pointí sin** sa mhéid a scríobhann siad.
- Ba cheart aire a thabhairt don litriú, don ghramadach, don phoncaíocht agus don litriú.

#### **Ceist 3**

- Léifidh na hiarrthóirí sliocht as litir a scríobh cara dá gcuid chucu.
- Beidh ar na hiarrthóirí díriú ar cheisteanna nó ar phointí sa litir agus litir a scríobh ag freagairt na gceisteanna nó ag tabhairt cibé eolas nó tuairimí a lorgáítear.
- Caillfear marcanna mura gcloíonn na hiarrthóirí leis an ábhar nó le líon na bhfocal a luaitear.
- Beidh ar na hiarrthóirí timpeall **120 focal** a scríobh sa spás ar an leathanach.
- Déanfar measúnú ar chruinneas, ábhar, stíl, eagar an ábhair, litriú agus poncaíocht.

### *Marcáil*

- Tá 50 marc ag gabháil don scrúdú scríbhneoireachta – sin 25% de na marcanna atá ag gabháil don scrúdú iomlán.
- I gceist 1 déantar measúnú ar chruinneas gramadaí agus ar an litriú. I gceist 2 déantar measúnú ar chruinneas gramadaí agus réimse foclóra. I gceist 3 déantar measúnú ar chruinneas gramadaí, réimse foclóra, ábhar (ar clúdaíodh na pointí go léir?) leagan

amach an ábhair (oiriúnach do litir, mar shampla) agus oiriúnacht (an réim cheart in úsáid, mar shampla).

- Cuirtear treoir chinnte agus oiliúint chuimsitheach maidir le measúnú ar fáil do na scrúdaitheoirí a bheidh i mbun na scrúduithe scríofa.

## An scrúdú cainte

### Eolas ginearálta

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheidh le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Déantar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Is mar seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an scrúdú cainte i *Scrúdú Mheánleibhéal 1*.

<i>Cuid</i>	<i>Am</i>	<i>Cineál taise</i>	<i>Fócas teanga</i>
<b>1</b>	5 nóiméad	Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal srl.).	Ag tabhairt eolais agus ag léiriú tuairimí.
<b>2</b>	1 nóiméad ag ullmhú  3-4 nóiméad	Rólghníomhaíocht: (1) Tugtar cárta don iarrthóir sa scrúdú. Tá eochairfhocail ar an gcárta a bhaineann le <i>scenarios</i> éagsúla (imeachtaí/ pleananna/ socrúithe /eispéiris agus araile). Bíonn nóiméad amháin ag an iarrthóir leis an eolas a léamh. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir leis an eolas ar an gcárta rólghníomhaíochta. (2) Beidh cárta ag an scrúdaitheoir ar a bhfuil eolas macasamhail an eolais a bhí ar chárta an iarrthóra. An uair seo, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir faoin eolas atá léirithe ar an rólchárta atá aigesean/aicise. Féach na scrúduithe cainte samplacha.	Ag tabhairt eolais. Ag lorg eolais. Ag léiriú tuairimí.
<b>3</b>	1 nóiméad ag ullmhú  3-4 nóiméad	Ag insint scéal simplí: Tugtar sraith 6 phictiúr don iarrthóir agus tá nóiméad amháin aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an méid atá ag tarlú sna pictiúir.	Ag déanamh cur síos ar phictiúir agus ar an méid atá ag tarlú iontu.



(cur síos)

### **Cuid 1: Treoir**

- Beifear ag súil leis go mbeidh na hiarrthóirí in ann tuairimí simplí a nochtadh maidir leis na hábhair, chomh maith le cur síos a dhéanamh ar rudaí a tharla dóibh féin agus ar phleananna atá acu.
- Moltar do na hiarrthóirí freagraí loma a sheachaint. Ba cheart dóibh iarracht a dhéanamh forbairt a dhéanamh ar a gcuid freagraí agus cúiseanna a thabhairt agus samplaí a chur ar fáil. oiread agus is féidir.
- Moltar go láidir do na hiarrthóirí gan píosaí a chur de ghlanmheabhair don scrúdú cainte.

### **Cuid 2: Treoir**

- Tabharfar cárta rólghníomhaíochta don iarrthóir sa scrúdú cainte agus míneoidh an scrúdaitheoir cad é atá i gceist don iarrthóir. Beidh **nóiméad amháin** ag an iarrthóir leis an eolas ar an gcárta a léamh.
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir agus ba cheart dó/dí na freagraí a bhunú ar an eolas atá ar an gcárta.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, tabharfar deis don iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar eolas atá ar chárta an scrúdaitheora. Is é an t-ábhar céanna (ach sonraí difriúla) a bheidh ar chárta an scrúdaitheora agus ar chárta an iarrthóra. Féach na scrúduithe cainte samplacha sa rannóg seo.

### **Cuid 3: Treoir**

- Tabharfaidh an scrúdaitheoir pictiúr, grianghraf, cartún nó sraith pictiúr/grianghraf/cartún don iarrthóir. Radhairc ón ngnáthshaol a léireofar iontu.
- Beidh **nóiméad amháin** ag an iarrthóir le breathnú ar an mbileog sula ndéanfaidh sé/sí cur síos don scrúdaitheoir ar an méid atá le feiceáil.
- Ba cheart don iarrthóir cur síos chomh hiomlán agus is féidir leis/léi a dhéanamh ar na daoine atá sa phictiúr agus/nó ar an méid atá ag tarlú. Ní bheifear ag súil leis ag an leibhéal seo go ndéanfadh na hiarrthóirí trácht ar chomhthéacs na bpictiúr ná ar cheisteanna ginearálta a ardaítear iontu. Níor cheart tagairt do rudaí nach léirítear sna pictiúir.
- Ní bheifear ag súil leis na hiarrthóirí aon sainfhoclóir a bheith acu, ach beidh marcanna le gnóthú acu siúd a léiríonn go bhfuil siad in ann straitéisí oiriúnacha ar nós athleagan (*paraphrase*) a úsáid nuair nach bhfuil an focal ceart acu nó nuair nach féidir leo cuimhneamh ar an bhfocal ceart.
- Beifear ag súil leis na hiarrthóirí a léiriú go bhfuil ar a gcumas píosaí leanúnacha cainte a eagrú agus a chur i dtoll a chéile.

### **Marcáil**

- Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn an scrúdaithe iomláin agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith.
- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Gramadach, Stór focal, Foghraíocht, Líofacht agus Cumarsáid. Tá dhá rud i gceist le cumas cumarsáide. (1) An féidir leis na hiarrthóirí a chruthú go bhfuil siad in ann déileáil le bun-chomhrá go réasúnta éifeachtach in ainneoin a stór

focal féin a bheith an-teoranta, m.sh. soiléiriú a lorg nó iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair, a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad srl. (2) Déantar tástáil ar inniúlacht bhunúsach shochtheangeolaíoch chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a dhéanamh, m.sh. beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt, leithscéal a ghabháil srl.

- Cuirtear oiliúint chuimsitheach ar fáil do na scrúdaitheoirí cainte ar fad agus déantar monatóireacht agus caighdeánú ar a gcuid oibre le cinntiú go mbíonn leanúnachas ann maidir le cur i bhfeidhm an chórais mharcála.